

## **Ábhar**

## **I nDiaidh na Céime**

### **Míreanna Físe**

**Mic léinn agus múinteoirí teanga ag labhairt faoi mhúineadh agus faoi fhoghlaim na Gaeilge i Meiriceá**

**Úna Nic Gabhann ag labhairt faoina saol gairmiúil ó rinne sí céim sa Ghaeilge**

### **Téacs**

**Sliocht as alt le Pól Ó Muirí. *The Irish Times*: 27 Meán Fómhair 2011**

**Le caoinhead ó *The Irish Times***

Ní cúrsa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar an téacs d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.



# I nDiaidh na Céime

## Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar dhá mhír físe:

1. Sa chéad mhír tá vox popanna a rinneadh le céimithe Éireannacha agus mic léinn Mheiriceánacha ag comhdháil faoi mhúineadh na Gaeilge i Meiriceá Thuaidh. Bhí an chomhdháil ar siúl in Ollscoil Notre Dame, South Bend, Indiana. Múintear an Ghaeilge san Ollscoil i Roinn Theanga agus Litríocht na Gaeilge, an t-aon Roinn acadúil dá leithéid i Meiriceá Thuaidh. I measc na gcainteoirí sa taifeadadh tá mic léinn atá ag foghlaim na Gaeilge i Meiriceá, agus céimithe Éireannacha atá ag obair mar FLTA (*Fulbright Language Teaching Assistant*), sé sin múinteoirí Gaeilge in ollscoileanna i Meiriceá. Tá tuilleadh eolais faoi scéim Fulbright a chuireann ar chumas céimithe an Ghaeilge a mhúineadh in ollscoileanna i Meiriceá ar fáil ag [www.fulbright.ie](http://www.fulbright.ie).
2. Sa dara mír tá Úna Nic Gabhann ag labhairt faoina saol gairmiúil i ndiaidh di céim agus MA sa Ghaeilge a dhéanamh sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath.

Sula bhféachann tú ar na míreanna, déan an réamhobair seo:

- Cad iad na deiseanna a shamhlaíonn tú atá ar fáil do chéimithe le Gaeilge? Pléigh agus scríobh 10 líne a bheadh oiriúnach le fógraíocht a dhéanamh ar lámhleabhar dar teideal ‘deiseanna do chéimithe le Gaeilge’.
- An mbeadh spéis agat dul thar lear ag múineadh na Gaeilge mar a rinne na céimithe sa mhír físe seo? Pléigh.
- Cad iad na dúshláin a bhainfeadh, dar leat, le múineadh na Gaeilge do ghlangosaitheoirí? Pléigh.
- Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí mar fhoghlaimeoirí atá ag na mic léinn seo atá ag déanamh staidéir ar an nGaeilge i Meiriceá? Déan liosta.

## Éisteacht

Anois féach ar an dá mhír agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

- Agus tú ag éisteacht leis an gcéad mhír, scríobh nótaí a chabhródh leat an méid a dúirt gach cainteoir a mheabhrú duit. Ansin féach an raibh an t-eolas céanna ag an duine in aice leat.
- Agus tú ag éisteacht leis an dara mír déan liosta de na rudáí go léir a rinne Úna ina saol go dtí seo.

- ‘...an áit is Éireannaí...’

Conas a chuirfeá Gaeilge ar an abairt seo?: *It was the most Irish place at the time*  
Anois cum abairtí a bhfuil an struchtúr céanna orthu ach ag baint úsáide as na haidiachtaí seo a leanas. Tá an chéad cheann déanta.

Gaelach            Ba é an áit ba Ghaelaí ag an am  
dúshlánach  
borb  
indíreach  
maslach  
tógálach

- Cuir Gaeilge ar na frásaí / na habairtí seo:

I’ve applied for a postgraduate diploma  
I want to do the H.Dip. in Education  
After I get my masters  
As a graduate I hope to...  
There are so many opportunities for Irish graduates  
The course I’d most like to do is...

- ‘...nár chas mé le Francach?...’

Cuir an struchtúr céanna i bhfeidhm ar na habairtí thíos.

d’aithin mé Siobhán  
phós Síle  
d’imigh Áine agus tháinig Seán  
dúirt sí liom é  
rinne sí dearmad

- ‘...Meiriceá Láir...’

Cuir Gaeilge ar na frásaí thíos.

Central America  
South America  
the North  
Northern France  
M50 north-bound  
M50 south-bound  
in the East  
in eastern countries  
on the west coast of Ireland  
people coming from the north  
people coming from northern countries

- An gcuireann caighdeán Gaeilge na mac léinn sa chéad mhír iontas ort? Cad iad na tréithe atá acu mar fhoghlaimoirí, dar leat, a chabhraigh leo an caighdeán seo a bhaint amach? Pléigh.
- Dá mbeifeá le comhairle a chur ar mhic léinn atá ag foghlaim na Gaeilge thar lear, cén chomhairle a chuirfeá orthu? Pléigh.
- Dá mbeadh ort tabhairt faoi theanga iasachta a fhoghlaim in achar gearr ama, conas a thabharfá faoi? Pléigh plean agus comhairle le do pháirtí. An bhfuil aon chosúlachtaí idir an plean sin agus nithe a dhéanann tú féin chun feabhas a chur ar do chuid Gaeilge?
- Smaoinigh ar chúrsa iarchéime ba mhaith leat a dhéanamh sa bhliain acadúil amach romhat. Lig ort go bhfuil tú ag líonadh na foirme iarratais. Scríobh an ráiteas pearsanta a bheadh oiriúnach don iarratas.
- Anois smaoinigh ar an bhfreagra a bheadh agat ar cheist in agallamh chun áit a fháil ar an gcúrsa – an cheist ná, ‘Cén fáth ar mhaith leat go mbronnfaí áit ar an gcúrsa ort?’ Cleacht an freagra a bheadh agat ar an gceist.
- Léigh an sliocht thíos as alt a bhí ag Pól Ó Muirí in *The Irish Times* agus pléigh na ceisteanna ina dhiaidh.

...Teastas Eorpach na Gaeilge, an internationally recognised European certificate in Irish run by NUI, Maynooth. An internationally recognised European certificate in Irish! What in the name of neamh is going on here? In my day, teaching an evening class for adults and you got a cup of tea and biscuit. Maybe two biscuits if you were lucky. But an internationally recognised certificate in Irish! What are these head-banging, turf-burning, cardigan-wearing, pipe-smoking Gaeilgeoirí up to? Don't they realise that offering proper courses and internationally recognised certificates is just so untraditional? Whatever happened to just learning the 'Hail Mary' and wasting your time in Irish class? Is this what the Irish-language movement really wants to become? Internationally recognised? Worse, an e-mail comes from the American embassy offering Fulbright scholarships ([www.fulbright.ie](http://www.fulbright.ie)) to Irish students to – get this – study and teach Irish in the United States. Have you ever heard of anything so preposterous?

Admittedly, the US is full of people who speak Irish due to emigration from the Gaeltacht since the Famine.

But should we really be encouraging intelligent Irish-speaking students to avail of opportunities to further their education, broaden their horizons and, worse, deepen the cultural context in which we view and use Irish? I mean if they go and live in New York, Connemara will never seem quite as glamorous. And what of my generation – the fortysomethings – who had to make do with a wet weekend in Rann na Feirste? Does anyone care how we suffered so that others might travel to the US on Fulbright scholarships! (The deadline is November 18th. Don't mind me. You go right ahead and apply.)

Pól Ó Muirí, *The Irish Times*. 27 Meán Fómhair 2011. Le caointhead ó *The Irish Times*.

- o Conas a chuirfeá síos ar stíl an tsleachta?
- o Cad é an pointe atá á dhéanamh ag an scríbhneoir sa sliocht?

# Téipscript 1

*Elaine Ní Bhraonáin*

Agus buíochas le Dia tháinig mé ar an *Irish Arts Centre* agus fuair mé urraíocht do mo víosa ansin agus thosaigh mé ar an nGaeilge a mhúineadh fad is a bhí mé ag cur deireadh leis an tráchtas i Manhattan sa bhliain 2003 agus ansin tháinig post suas sa *City University of New York* i 2004 agus thosaigh mé ar an nGaeilge a mhúineadh ansin. Agus anois tar éis ocht mbliana táim ag múineadh san *Irish Arts Centre*, sa *New York Irish Arts Centre*, san *Irish Consulate*, táim ag scríobh colún dátheangach le 6 bliana anuas don *Irish Echo* – nuachtán an *Irish Echo* – agus bíim ag déanamh agallamh ar an raidió gach dara seachtain agus píosaí do Nuacht TG4 nuair a tharlaíonn rudaí ar nós an marú Osama an tseachtain seo caite. *So* tá mé sáite i saol Gaelach. Agus anois...dhá bhliain ó shin, bhí mé ag múineadh san ollscoil anseo, ach thug mé le fios... go raibh an PhD ag teastáil *so* chuaigh mé ar ais ar scoil agus faoi láthair tá mé lonnaithe i Nua-Eabhrac agus tá mé ag déanamh an PhD trí Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste. *So* tá mé ag scríobh an PhD ar...pobal Gaelach i Nua-Eabhrac – *the Irish community in New York* agus beidh sé sin, le cúnamh Dé, críochnaithe agam an bhliain seo chugainn agus ba bhreá liom bunscoil lán-Ghaelach a bhunú amach anseo lá éigin i Nua-Eabhrac.

*Devin Flannigan Blankenship*

Is mise Devin agus is as Bloomington Indiana mé. Bhí mé ag lorg Gaeilgeoirí agus rinne mé grúpa Gaeilge i mBloomington Indiana.

*Siobhán Ní Mhaolagáin*

Dia dhaoibh. Is mise Siobhán Ní Mhaolagáin. Tá mé anseo i Meiriceá mar FLTA – sin *Fulbright Language Teaching Assistant*. Tá mé ag obair mar FLTA i Nua-Eabhrac. Tá mé ag múineadh i Lehman College sa Bronx agus i Queens College i Flushing agus tá mé i mo chónaí an-ghar do Manhattan *so* bíonn an-spraoi idir an Bronx agus Manhattan. Fuair mé an deis seo tar éis máistreacht a dhéanamh i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath. Rinne mé máistreacht sa Ghaeilge agus sa chumarsáid ach roimhe sin bhaineas céim amach sa Ghaeilge agus sa cheol.

*So* an cineál saoil atá agamsa ag maireachtáil i Nua-Eabhrac. Tá mé i mo chónaí i Woodlawn agus sin an áit is Éireannaí is dócha sa mBronx. Tá Gaelic Park againn agus is féidir liom na hispíní agus an bagún a fháil. Ach ag an am céanna tá mé an-ghar do Manhattan *so* bíim ag dul isteach go Manhattan ag siopadóireacht, ag dul chuig ceolchoirmeacha agus ceoldráma agus cineál...*you know*, uaireanta is féidir a rá go mbíonn saol *Sex and the City* agamsa agus mé ag dul isteach go Nua-Eabhrac. Bhain mé an-spraoi as a bheith anseo agus i mo chónaí i Nua-Eabhrac. Tá sé an-difriúil ó bheith i mo chónaí i mBaile Átha Cliath mar is as Baile Átha Cliath domsa ó dhúchas. *So* tá foirgnimh an-ard i Nua-Eabhrac i gcomparáid le Baile Átha Cliath agus tá an saol i bhfad níos difriúla i Nua-Eabhrac ná mar a bhíodh sé agamsa i mBaile Átha Cliath. Bhí mé ag múineadh i UCD sular tháinig mé anseo – *so* bheith ag múineadh Gaeilge i Meiriceá – is rud an-difriúil é sin ach tá sé an-taitneamhach ag an am céanna.

## *Micheál Ó Cathasaigh*

Is mise Micheál Ó Cathasaigh agus is Fulbright mé anseo i Kansas. Tá mé i mo chónaí i Lawrence, thart faoi uair ó chathair Kansas. Tá mé ag teagasc in Ollscoil Haskell Indian Nations agus tá mo choláiste dírithe ar chultúr na mbundúchasach. Múinimse féin an Ghaeilge sa choláiste sin agus nascaim an dá rud – an dá chultúr – le chéile. *So* nascaim cultúr na mbundúchasach agus cultúr na nÉireannach\*. Anuas air sin tá nasc le feiceáil idir damhsaí agus rincí – idir mar shampla *pow wows* nuair atá siad gléasta suas agus tá culaith áirithe orthu agus anuas air sin bíonn piseoga acu agus traidisiúin acu díreach mar atá againn ar ais in Éirinn. Bhain mé mo chéim amach i gColáiste Ollscoile Baile Átha Cliath agus H.Dip. amach i gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath chomh maith.

## *John Dillon*

Agallóir Cén fáth ar thosaigh tú ag foghlaim na Gaeilge?

John Na Gaeilge, *yeah...I mean...ceist iontach í sin – I mean* níl aon fhreagra ceart agamsa ach *just* bhí suim agamsa sa litríocht, go háirithe sa litríocht, san fhilíocht. *So* faoi láthair táim ag déanamh iarchéime ar...béaloideas...an caidreamh nó an gaol idir béaloideas agus litríocht san fhichiú haois. *So* sin an fáth – beidh mé ag caint faoi Yeats agus daoine mar sin.

Agallóir Agus cá bhfuil tú ag déanamh staidéir ar an nGaeilge i Meiriceá?

John I Meiriceá? Ag Notre Dame, *yeah...* Rinne mé bunchéim ag Harvard University agus anois táim ag déanamh iarchéime ag Notre Dame. Agus tá dhá bhliain déanta agamsa agus ceithre bliana fágtha, *so* turas beag os mo chionn fós.

Agallóir *Ok*, go raibh maith agat.

John *Ok*, ná habair é. Bhí sé iontach, *yeah...* go raibh míle...

\* ‘na hÉireannaigh’ a deirtear

## Téipscript 2

I ndiaidh dom an BA agus an Mháistreacht a bhaint amach i nGaeilge i gColáiste na Ollscoile Baile Átha Cliath, fuair mé an deis a bheith ag múineadh daoine fásta agus ag forbairt ábhar teagaisc do dhaoine fásta in institiúidí acadúla éagsúla ar fud na cathrach i mBaile Átha Cliath. Rinne mé seo ar feadh bliana agus tar éis bliana dúirt mé liom féin ‘is maith liom é seo ach níor mhaith liom geimhreadh eile a chaitheamh i mBaile Átha Cliath, fuar fliuch agus a bheith stiúgtha leis an fhuacht i rith an gheimhridh’. So shocraigh mé féin agus cara liom Aoife Ní Chonchúir – dúirt muid linn féin ‘is féidir linn a bheith ag obair le chéile ar rud éigin mar seo – cad chuige nach dtéimid thar lear? Fuair muid post le Breacadh ag forbairt ábhar arís, don eagraíocht seo a phléann le daoine a bhfuil fadhbanna léitheoireachta acu. So bhailigh muid linn. D’imigh muid linn go dtí Meicsiceo ar deireadh – shocraigh muid ar Mheiriceá Láir – mar a dúirt mé, bhí Spáinnis líofa... tá Spáinnis líofa ag mo chara Aoife – sin cad chuige ar shocraigh muid dul áit éigin a raibh Spáinnis á labhairt ann. Agus chuir muid, scríobh muid an leabhar seo – bhí muid ag obair ar an trá den chuid is mó den am – b’fhéidir cúig nó ceithre uair an chloig – ceithre nó cúig uair an chloig achan lá ag obair leis an ríomhaire glúine agus ansin bhí muid ar an trá an chuid eile den lá agus bhí am ar dóigh againn agus d’éirigh linn airgead a shaothrú trí mheán na Gaeilge le hobair a dhéanamh leis an nGaeilge arís. Gach Dé hAoine chuir muid an t-ábhar a chruthaigh muid... chuir muid chuig Breacadh é ar an ríomhphost. So d’oibrigh sin go maith. I ndiaidh trí mhí ansin, d’imigh mise mé féin go Milwaukee – bhí mé ag obair san ollscoil ansin ag múineadh Gaeilge agus ag múineadh filíocht na Gaeilge agus nár imigh Aoife Ní Chonchúir – bhí sí ag obair le TG4 ag láithriú clár taistil darb ainm ‘Imigh le Sruth’. So bhí sise ag taisteal síos an Mississippi agus bhí mise ag fáil bháis leis an fhuacht i Milwaukee agus bhí sé chomh fuar sin agus an bheirt againn ag obair leis an Ghaeilge sna Stáit Aontaithe ag déanamh rudaí iontach iontach suimiúla, sílim féin. Ina dhiaidh sin bhí Milwaukee rófhuar dom agus d’imigh mé ar ais síos go Meicsiceo agus bhí caife agam ansin ar feadh bliain go leith, dhá bhliain is dócha. Caife beag a bhí ann – mise a rinne gach rud... mise a rinne gach rud... mise a rinne an chócaireacht – duine amháin a bhí ag obair liom. Ionach maith. Arís eile, taithí iontach maith a bhí ann i ndáiríre. Ach i ndiaidh dhá bhliain ansin chrónaigh mé mo theaghlach, mo chuid cairde, mhothaigh mé uaim Baile Átha Cliath, na hÉireannaigh agus a leithéid so phill mé ar ais go Baile Átha Cliath. Ní raibh mé róchinnte cad é le déanamh ach tháinig an deis seo aníos caife a bheith agam. Caife dátheangach agus arís eile bhí sin iontach tábhachtach dom. Agus bhí an caife seo ar Shráid Chill Dara i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath. Bhí an caife agam ar feadh dhá bhliain – bhí lón ann agus dinnéar a bhí i gceist gach lá – 5 lá / 6 lá sa tseachtain. Agus taithí ar dóigh a bhí ansin – bhí sé iontach strusmhar – bhí brú i gceist achan uile lá den tseachtain mar mise a bhí i gceannas ar gach rud – an t-úinéir a bhí ionam, le mo dheirfiúr – ach... an bainisteoir a bhí ionam – bhí mé ag bainistiú na foirne. Bhí mé i gceannas ar na cuntais ar fad – bhí fadhbanna i gcónaí – bhí strus ag baint leis – leis an chúram sláinte agus bia atá faoi chúram Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte agus bíonn siadsan iontach dian ar fad. So tar éis dhá bhliain bhí orm cinneadh a dhéanamh leanúint ar aghaidh nó bogadh ar aghaidh go dtí rud éigin eile i mo shaol. Agus chinn mé bogadh ar aghaidh go dtí rud éigin eile i mo shaol. D’fhoghlaim mé an oiread sin leis an dá bhliain sin – rud iontach iontach dúshlánach a bhí i gceist – ach mar a dúirt mé, taithí ar dóigh a bhí ann. So d’imigh mé ar ais ag cur ábhar le chéile nó ag cruthú agus ag forbairt ábhar teagaisc do dhaoine fásta arís agus le linn na bliana seo bhí mé ag seoltóireacht mar is gnáth – cion is gurb é an caitheamh aimsire is mó atá agam. Agus bhí *regatta* mór ann i nDún Laoghaire ar feadh seachtaine – agus nár chas mé le Francach an tseachtain sin – seoltóir eile agus bhog mé chun na Fraince. Anois, bhí mé in ann é sin a dhéanamh mar go raibh mé ag obair sa bhaile – bhí mé ag obair i m’árasán beag féin i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath.

*So* bhí sé níos fusa dom éirí agus mo shaol a bhogadh agus socrú síos sa Fhrainc agus tá mé ansin anois le 3 bliana anuas – go fóill ag obair in earnáil na Gaeilge nó trí Ghaeilge, nó saol na Gaeilge. Go fóill ag forbairt ábhar teagaisc d’eagraíochtaí áirithe. Tá mé féin ag freastal ar chúrsa ar líne – ar chúrsa aistriúcháin atá iontach maith ar fad – sin go páirtaimseartha. Agus tá mé réidh le gnó eile a bhunú – sé sin Gaeilge a mhúineadh trí ranganna pearsanta *one-to-one* mar a déarfá, nó duine le duine ar an idirlíon le *Skype* agus tá súil agam é seo...an mhargaíocht a dhéanamh...é seo a dhéanamh le daoine i Meiriceá, san Astráil, ar fud an domhain. *So* gnó idirnáisiúnta a bheas ann. Agus beidh sé sin beo ar líne – ‘Gaeilge 121’ an t-ainm atá air agus beidh sé beo ar líne i gceann míosa. *So* sin é – mar a fheiceann tú, d’éirigh liom mo shaol a chaitheamh leis an Ghaeilge a bheith mar chuid lárnach de mo shaol gairmiúil mar a déarfá – d’éirigh liom é sin a dhéanamh. D’imigh mé ó Leitir Ceanainn go Baile Átha Cliath, ó Bhaile Átha Cliath go Meicsiceo, ó Mheicsiceo go Milwaukee agus anois tá mé i mo chónaí sa Fhrainc agus le achán chéim a rinne mé bhí an Ghaeilge mar chuid lárnach den chéim ghairmiúil sin, mar a déarfá.